

Bileog Oibre – Mo phróifíl éirime uathúil

D'fhéadfadh an bhileog oibre seo cabhrú leat bealaí ina bhfuil tú éirimiúil a shainaithint. Níl na ráitis uileghabhálach. Má theastaíonn cur síos níos doimhne uait ar iléirim, tá go leor eolais faoin ábhar seo le fáil ar líne.

Léigh gach ráiteas go cúramach. Cuir taobh sa bhosca a dhéanann an cur síos is fearr ar do fhreagra ar an ráiteas.

5 = aontaím go láidir

4 = aontaím

3 = ní aontaím ná ní easaontaím

2 = easaontaím

1 = easaontaím go láidir



Éirim an cheoil	1	2	3	4	5
Is breá liom a bheith ag éisteacht le ceol.					
Is breá liom a bheith ag canadh.					
Seinnim uirlis cheoil.					
Cumaim mo chuid amhrán féin.					
Tá tuiscint mhaith agam ar rithim, airde agus luas.					
Iomlán					



Éirim amhairc/spásúil	1	2	3	4	5
Is breá liom a bheith ag tarraingt nó ag péinteáil.					
Is breá liom a bheith ag féachaint ar léarscáileanna.					
Is féidir liom gach rud a shamhlú go cruinn i m'intinn.					
Tá tuiscint mhaith agam ar uigeacht, foirm, dath agus scáthú.					
Is breá liom rudaí tríthoiseacha a dhéanamh (e.g. Lego, Minecraft).					
Iomlán					




Éirim theanga	1	2	3	4	5
Is breá liom a bheith ag léamh.					
Is maith liom aistí agus scéalta a scríobh.					
Is maith liom teangacha a fhoghlaim.					
Tá dialann agam.					
Is breá liom focail nua a fhoghlaim agus a úsáid.					
Iomlán					



Loighciúil/matamaiticiúil	1	2	3	4	5
Taitníonn mata liom.					
Bainim taitneamh as puzail a dhéanamh.					
Éiríonn liom an saol a thuiscint trí loighic agus réasún.					
Tá mé in ann smaointe casta agus teibí a thuiscint.					
Tá mé in ann patrúin agus caidreamh idir rudaí difriúla a aithint.					
Iomlán					



Éirim cholainne/chinéistéiseach	1	2	3	4	5
Is breá liom a bheith i mbun gníomhaíochta fisiciúla agus a bheith aclaí.					
Is breá liom scileanna/teicnící fisiciúla nua a fhoghlaim.					
Tá cothromaíocht agus comhordú lámh agus súl maith agam.					
Imríim spóirt/bím ag damhsa gach seachtain.					
Tá mé in ann rudaí a dhéanamh le mo lámha.					
Iomlán					



Éirim idirphearsanta	1	2	3	4	5
Is maith liom a bheith i gcomhluadar daoine eile.					
Réitím go maith le gach cineál duine.					
Tá mé in ann tuairimí daoine eile a chur san áireamh.					
Is féidir liom noda a thabhairt faoi deara a chabhraíonn liom conas a mhothaíonn daoine eile a thuiscint.					
Bíonn a fhios agam céard ba cheart dom a rá/a dhéanamh chun a chinntiú go mhothaíonn daoine eile níos fearr.					
Iomlán					



Éirim nádúraíoch	1	2	3	4	5
Is maith liom aire a thabhairt do rudaí beo.					
Taitníonn an dúlra liom agus tugaim na hathruithe ar na séasúir faoi deara.					
Tá mé in ann speicis dhifriúla plandaí agus ainmhithe a aithint.					
Tugaim patrúin sa timpeallacht nádúrtha faoi deara.					
Cuireann truailliú isteach go mór orm agus sílim go bhfuil sé ríthábhachtach aire a thabhairt don dúlra.					
Iomlán					

Mo réimsí éirime is fearr:
